Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Márta 2023**
**(OR. en)**

**6740/1/23**
**REV 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0197(COD)**

**CODEC 247**
**CLIMA 96**
**ENV 167**
**TRANS 70**
**MI 135**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/631 a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d’fheithiclí tráchtála éadroma nua a neartú i gcomhréir le huaillmhian aeráide mhéadaithe an Aontais **(an chéad léamh)**<br>— Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 14 Iúil 2021, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 192(1) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 19 Eanáir 2022[2].

3. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 27 Eanáir 2022[3].

4. An 14 Feabhra 2023, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[4].

[1] 10906/21 — COM(2021) 556 final.
[2] IO C 194, 12.5.2022, lch. 81.
[3] IO C 270, 13.7.2022, lch. 38.
[4] 6421/23.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis an méid sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 66/22 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Iodáil agus an Pholainn ag vótáil ina choinne, agus an Bhulgáir ag staonadh ón vótáil.

6. Leagtar amach na ráitis le haghaidh mhiontuairiscí chruinniú na Comhairle in ADD 1 REV 1 a ghabhann leis an nóta seo.

7. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.